# Comhrá mata a chur chun cinn sa seomra ranga

## Deiseanna do chomhrá mata

Is próiseas comhoibríoch é comhrá mata ina léirítear, ina roinntear agus/nó ina malartaítear straitéisí smaointeoireachta páistí. Leagtar amach san ábhar tacaíochta seo an cur chuige a úsáidtear le léiriú a thabhairt ar an mbealach ar féidir le deiseanna do ‘chomhrá mata’ nó ‘bearta mata’ tarlú ag céimeanna éagsúla de cheacht mata. Is féidir é a fhí isteach go solúbtha i gceachtanna do chuir chuige faoi stiúir an mhúinteora agus an pháiste i leith na comhrá mata. Trí bhearta mata a úsáid ar bhealach fiúntach is féidir tacú le tuiscint na bpáistí ar an matamaitic agus cabhrú ó thaobh a gcuid meonta tairbheacha a chothú.




| Céim an cheachta | Céard atá ag tarlú | Cora féideartha mata |
| --- | --- | --- |
| Céim thosaigh | Tasc nó fadhb fhiúntach a thabhairt isteach sa seomra ranga.<br>Má bhaineann an tasc a roghnaítear le heachtra foghlama a tharla le déanaí, is féidir go spreagfar na páistí an réamhfhoghlaim agus/nó míthuiscintí a thabhairt chun cuimhne. | • Ag rá tuilleadh/Soiléiriú<br>• Ag Athrá |
| Céim neamhspleách | Tugann na páistí faoin tasc go neamhspleách agus tugtar neart ama dóibh smaoineamh dóibh féin ar an tasc. | |
| Céim chomhroinnte | **Comhroinnt i ngrúpaí beaga (oibreoidh na páistí ina mbeirteanna, ina dtriúir nó ina ngrúpaí)**<br>Tá sé i gceist cabhrú le páistí a gcuid smaointe féin a shoiléiriú agus a roinnt; díriú ar smaointeoireacht daoine eile; a réasúnú féin a dhoimhniú; agus plé le réasúnaíocht daoine eile.<br>Tar éis dóthain ama a bheith acu le smaoineamh ar na tascanna agus dul i ngleic leo go neamhspleách, tugtar deis do na páistí a gcuid smaointe, smaointeoireachta nó straitéisí a roinnt agus comhoibriú chun a bhfreagairt don tasc a fhorbairt tuilleadh nó a bheachtú. | • Am fanachta<br>• Cas agus labhair |
| | **Comhroinnt rang uile**<br>Plé ranga faoi stiúir an mhúinteora is ea an chéim oscailte roinnte seo. Is féidir le múinteoirí roghnú as raon de bhearta cainte chun cuidiú le páistí straitéisí, coincheapa, nósanna imeachta, léiriúcháin agus/nó mínithe a d’úsáid siad chun dul i ngleic leis an tasc a roinnt. Is é ról an mhúinteora ná cabhrú leis na páistí a gcur chuige maidir le dul i ngleic leis an tasc a chur i gcomparáid agus a nascadh ag baint úsáide as ceann amháin nó níos mó de na féidearthachtaí seo: | • Ag Athléiriú<br>• Ag rá tuilleadh/Soiléiriú<br>• Ag Athrá<br>• Ag Réasúnú/Ag Rá Tuilleadh<br>• Aontaigh/Easaontaigh<br>• Ag Cur Leis |
| Céim Fócasaithe | Ag an bpointe seo, díríonn an múinteoir na páistí i dtreo straitéise, nós imeachta, léiriúcháin agus/nó míniúcháin atá inmharthana agus éifeachtach. Tá sé ríthábhachtach cabhrú leis na páistí é a úsáid i gceart. | |









## Iniúchadh na timpeallachta foghlama

**Comhrá mata a chur chun**

Agus tú ag cuimhneamh ar an gcomhrá mata a spreagadh i do sheomra ranga, d'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith cabhrach.

| Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin: | Uaireanta | I gcónaí | Riamh |
|---|---|---|---|
| An mbím ag súil agus go mbeidh an páiste ábalta an teanga mhatamaiticiúil cheart a fhoghlaim? | | | |
| An ndéanaim eiseamláiriú ar an teanga mhatamaiticiúil cheart? | | | |
| An spreagaim an páiste an teanga mhatamaiticiúil cheart a úsáid? | | | |
| An mbainim úsáid as ceisteanna chun plé matamaiticiúil saibhir a spreagadh? | | | |
| An mbím ag smaoineamh os ard maidir le mo chuid smaointe matamaiticiúla? | | | |
| An gceadaím am don pháiste machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim? | | | |
| An gcuirim deiseanna ar fáil don pháiste plé a dhéanamh ar a chuid smaointeoireachta agus a fhreagraí a chosaint? | | | |
| An spreagaim plé ar smaointe matamaiticiúla i ngrúpaí móra, i ngrúpaí beaga agus i mbeirteanna? | | | |
| An léim leabhair a bhfuil smaointe matamaiticiúla leabaithe sna scéalta a chuireann comhthéacs ar fáil le haghaidh úsáid teanga mhatamaiticiúil? | | | |
| An bhfuil an t-ionchas agam go n-éistfidh na páistí lena chéile agus go ndéanfaidh siad iarracht na mínithe a thuiscint? | | | |
| An mbíonn béim agam ar an bpáiste ag míniú na straitéisí a úsáideadh, seachas ar an bhfreagra ceart? | | | |
| An spreagaim an páiste a rá cén fáth go n-aontaíonn nó nach n-aontaíonn siad le mínithe páistí eile nó ceisteanna a chur chun cabhrú leo tuiscint a ghnóthú? | | | |



> "Tugann comhrá mata deis do pháiste uirlisí a úsáid chun a chuid smaointeoireachta a léiriú.
> (An Roinn Oideachais, 2023)"




## Tagairtí

An Roinn Oideachais (2023). *Curaclam Matamaitice na Bunscoile le haghaidh Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.